

Briseadh riaghla ró molta

[Mac Airt, Seán, *Leabhar Branach*, Dublin, 1944, poem 26]

Fearghal mhac Lughaidh Mhic Eochadha .cc.

1 Briseadh riaghla ró molta
d'aoibhreach na n-ord riaghla;
ní mó as rabhloghadh dá reacht,
ró ná anmholadh éigceart.

2 Mar so measuid a moladh
d'ionnlach an aois ealadhan,
nách diongantair dán mur sin
lán gan iomarcaidh éigin.

3 Do-ghén (sáireóchuidh mé a meas)
do dhán iomchubhaidh oircheas
gan ró molta d'ainimh air
sompla a n-aighidh na n-ord-sain.

4 Adér ní oile as a ucht,
gi-bé don dán bhus diadhacht,
brégmholadh ní oghthair ann,
brégnoghadh orthuibh agam.

5 Ní guth bladhbhíos gan ainbhíor
ar neach do-ní socairghníomh;
's ní moladh don té nách tuill,
dá molar é gan fochainn.

6 Mé do reic na tteasd do thuill,
anurra an uair nách molfuinn,
fám thoil dá n-oghainn urradh
ní coir orainn, eadamar.

7 Triath Raghallach, rún ainne,
sé ar n-aoibhreach urraidh-ne;
énurradh cháigh in gach céim,
do fhéghamar dáigh dhíbh-séin.

8 Is urasa a chlú do chur,
gi-bé lér mian a mholadh,
glór nách deirméd do rádh ribh,
's neimbrég 'na dhán do dhéinimh.

9 Ní mholabh é as a fhoghluibh
cé bheith uair 'na fhíorfhoghlaidh;
geall 'gá easumhla ní an,

fearr go measardha an moladh.

10 A rún féile, ós feasach linn
do ghuth cáich, créd fá ttibhrinn?
nách cuirfinn geall einigh as
fearr deimhin iná dóchas.

11 Do réir a chéimionn gcuradh
's a ghníomh n-adhbhal n-easumhal,
ó nách cumaim gach céim ghill,
urraim don bhéim do-bheirim.

12 Más é adeir cáich nár cumadh
dán riamh gan ró d'anurradh,
ní laibheór 'na n-aghaidh air;
ní faghair aineól uathaibh.

13 Giodh eadh ná habraid choidhche
rinn fán n-éigsi n-aosfhoirfe
nách éidir dhí bheith gan bhréig
do chleith Lí ná dá leithéid.

14 Do-ním ris fám éigse dh'eacht,
gan díol énróinn nó eisdeacht
'na mbiadh iomarcaidh uaim dhi
do stuaigh bhionnfhoclaigh Bóinne.

15 Tearc aoinfhear d'uaisle a fhola
san eing-si d'iath Labhradha,
a rosc gorm as inghill d'fhuil,
dá ttibhrinn orm an t-eacht-soin.

16 Do mheas mé ar in mholadh sin,
muna raibhe ró éigin
acht maith cháigh 'na haonar ann,
dhálbh 's a n-aoradh gurbh ionann.

17 Aca ón chléir bíodh do bhunadh
gan bhearna gan bhaoghlughadh,
cosmhuil cleith a n-áirmhe as,
a n-áirghe, a n-eich, a n-ionnmhus.

18 Ag so, a chliar cáich do bhunadh,
cúis nách beag dá mbreathnughadh;
fir sin fa síodhamhla fáth
is fir chríonfhalmha ar chonách.

19 Dá n-olc ní áirmhim acht sin
nó dá maith, ciodh maith Laighnigh,

a mbí do tháir oirn aca
's do mhoirn ar dháimh dheórata.

20 Mairg duit féin do-ní dá nós,
dáiil bhar séd ós é a iomthós,
a dhreach shoirbh neamhchumair náir,
leathchumaidh oirn fán édáiil.

21 Ó théid uaidh d'éigsibh oile
na heich, na hairm iorghoile,
na clacha ceangail, na cuaich,
na hearraidh datha daorluaich.

22 A mheic Aodha, innis dún:
(ar a mhéd ní dhén deagrún)
an col dár gceird do-gheibhe,
nó an tol d'fheirg nó d'oirbheire

23 Dínn nó don éigsi imchéin
féch cé as uaisle d'fhlidhchléir,
nó cé an chliar as fhearr oineach,
a cheann na gcliar gcomhoigheach.

24 Is inn is uaisle d'fholaibh,
ní lia iad-san d'ealadhain;
dod riar, a chroidhe caithmheach,
cá goire an chliar chomhaightheach?

25 Atá sin d'énchoir oruibh
nách fuil th'aithne ar ealadhain;
ort féin ní cheilibh-si an choir
do réir h'einigh-si, a Fhiachoidh.

26 Lór liom d'fhínné na n-ollamh
do dhearbhadh a ndubhramar;
iomdha ad dhuanaire dán bog,
nár 's ar nduanai-ne ar dearmod.

27 Uait dámadh cead a rádh rat,
atá nós iongna agat;
ní hionann lógh umha is óir,
lughá ar an ór bhar n-onóir.

28 Is é an t-umha (is fáth magaidh)
dán na n-adhbhar n-anabaidh,
creid mo ghlór, a ghrádh mallbhan,
's an t-ór dán na ndeaghadhbhar.

29 Ná creid ó aon, madh urradh,

do-ní dhuit a dheaghcumadh,
a ghruaidh leithdearg as lán bladhadh,
nách deighceard dán do dhénamh.

30 Ceard oile ag nach biadh bunadh,
riamh ar cuimhne an gcualabhar
mar dhán ollaimh, a ghruadh ghlan,
a rollaibh suadh ná seanchadh?

31 Gi-bé as ciall dá gcanaim rat,
ní toirmiosc oinigh iomat;
dlighidh draoi luadh a labhram,
fá dhlaoi acht nách dual deaghfhoghlum

32 Ní tnúth, ní formad, ní fearg
re neach dhíobh 'gan dóigh deighceard,
a sgaith armghlan fhear mBanbha,
giodh eadh adhbhar m'agallmha.

33 Acht mé ag tobhach duas dá ndíol,
ag cur neimhdhíola [a] neimbríogh,
réd dhreich gil gan bhéim bronnaidh
ag sin chéill ar chanamair.

34 Adér comhrádh chuirfios libh
'nar n-aghaidh féin, na filidh:
dá ttig cládh a gceirde féin,
ní feirde an dámh a ndeighmhéin.

35 An daoí as daoitheamhla ar domhan
mar bhídh ribh 'gá romholadh,
leis d'iarraidh na nduas nách dligh
tiaghuidh suas tar na saothibh.

36 Giodh í as inmhe ag m'aos cumtha,
cuma duasdán ndeaghcumtha,
locfad ón treóir nách treóir ghlan,
nó nochtfad fá dheóidh díobh-san.

37 Do riar feasda, a rún robhan,
roinn do réir a n-ealadhan;
atá a riar féine ag gach fíor
srian rét fhéile acht nách éidear.

38 Ceól, seanchus, cách réir gceird-ne,
maith is olc gach éincheirde,
a sgiath dearg ag díon brughadh,
gá ceard díobh nár dhíolabhar?

39 Díot a ndiaidh a ndubhairt mé
ní choisgfidh mé, a mheic Saidhbhe;
fogus damh olc gach aicme
ort go car mo chumairce.

40 Ní mó cás oile ar m'aire
ó ataoi a bhfeidhm na foraire;
tú as geall rém fhoraire ann,
ceann gach conaire chugam.

41 Comhtha an dá rann duit-si ag dul,
dán na gcliar, crodh na ttuatadh;
más fiú ar gcomhairle a rádh ribh,
a bhforaire ar lár ná leigidh.

42 Ní clú d'fhior dána ar domhan
deilbh éigsi gan anmholadh,
fear gan chás caigiolta cruidh,
gan ghnás n-aigionta d'Fhiachaidh.

43 Gé adeirim so, is deacair damh
aigneadh d'fhagháil 'nar cumadh
dá fholt bharrlag, dá ghruaidh ghil,
a nduain nó a n-adhmad éigin.

44 A n-abrulm ris más ró dhúin,
féch féin, a fhir an iomthnúidh,
cia as inFhiachaidh acht triath teann
a n-iath d'iliathaibh Éireann.

45 A gcumaid cliar do dhán án,
iomdha ag éd ré hua Seaán,
is ní dhéin aoinfhear éd ris
ar scaoileadh séd ná saidhbhris.

46 Do mhnáibh Laighion na learg mbog
fám dhán dá ndearnuinn dearmod,
ní dheirmhéd a samhail soin,
geilghég taraidh Ó tTuathail.

47 Dá mbeith Róis gan tocht fár ttol,
fríoth linn d'onóir a hathar
nár chóir dhúin déinimh dearmuid
don úir chéillidh chneisseangbhuig.

48 Ní clos riamh don fhréimh dá bhfuil
acht gan lámh dhí do dhéanaimh,
gníomh oirdhearc nár fhoghlum Róis,
d'fhoghlum oirbheart nó ardnóis.

